

ECDC CORPARÁIDEACH

Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra 2009

Achoimre

Achoimre feidhmiúcháin

I 2009 d'éirigh leis an ECDC, agus é ag tiomnú cuid dá acmhainní don phaindéim, forfheidhmiú de chuid tromlach na ngníomhaíochtaí a bhí beartaithe i dtosach a chinntiú faoi mar atá leagtha amach ina Chlár Oibre. Sheachaid an ECDC aschur méadaithe, rinne sé breis forbartha ar a chuid comhpháirtíochtaí, agus dhaingnigh sé a chuid struchtúr inmheánach, d'fhonn díriú ar an riachtanas le freagairt neartaithe ar bhagairt na ngalar teagmhálach san Eoraip.

Acmhainní

Maidir le hacmhainní, lean an ECDC ar aghaidh ag neartú a chumas trí bhuiséad méadaithe, ar aon dul leis an bhfás céimseach tuartha go dtí 2010 i bpeirspictíochtaí airgeadais an AE 2007–2013 agus i gcáipéis an ECDC dar teideal 'Clár Straitéiseach Ilbhliantúil 2007–2013' [*Strategic Multi-Annual Programme 2007–2013*]. D'fhás an buiséad a leithdháiltear ar an ECDC ó EUR 40.2 milliún i 2008 go EUR 50.7 milliún i 2009, agus mhéadaigh an fhoireann go 199 duine.

Freagairt agus monatóireacht na paindéime H1N1

Thiomnaigh an ECDC fuinneamh agus acmhainní suntasacha chun monatóireacht, measúnú agus tacú leis an bhfhreagairt ar phaindéim an fhlú A(H1N1), ó dheireadh Aibreáin go deireadh na bliana. Déileáladh leis an ngéarchéim seo de réir plean oibríochta um Theagmhas Sláinte Poiblí an ECDC, le rannpháirtíocht iomlán ó na hAonaid agus na Cláir go léir agus líon mór fostaithe de chuid an ECDC. Don chéad uair, bheartaigh an Stiúrthóir Teagmhas Sláinte Poiblí an ECDC a chur i ngníomh ag leibhéal 2, an leibhéal is airde dá bhfuil ann. Bhí an Lárionad in ann freagairt go gasta agus go héifeachtach don phaindéim, a bhuíochas leis na blianta ullmhúcháin. Le linn na mblianta tosaigh tar éis a bhunaithe, bhí na huirlisí, nósanna imeachta, pleananna agus comhpháirtíochtaí curtha ar bun ag an ECDC chun déileáil le cúinsí géarchéimneacha. Sholáthair an phaindéim deis don ECDC a chuid cumas a thástáil agus luathú a dhéanamh ar chur chun feidhme roinnt dá thionscadal. Bhí tionchar ag an ECDC ar mórán réimsí, mar shampla trí nuashonruithe laethúla a sholáthar a thug achoimre ar an staid domhanda. Chuir an ECDC feabhas freisin ar fhaireachas sonraí ag clúdach tíortha uile na hEorpa, sholáthair sé comhairle eolaíochta tiomanta ag clúdach réimsí géarchéimneacha – nuair ba bheag a bhí ar eolas faoin víreas – agus chothaigh sé cumarsáid laethúil leis na meáin, leis an bpobal agus le saineolaithe trí mheán a láithreáin ghréasáin. Rinne an ECDC infheistiú freisin i roghanna sláinte poiblí maidir le vacsaíniú agus monatóireacht ar theagmhais tromchúiseacha féideartha. Ba ríthábhachtach na comhpháirtíochtaí leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún Eorpach agus le huachtaránachtaí an AE, le comhpháirtithe idirnáisiúnta ar nós an EDS nó CDC na Stát Aontaithe, agus gníomhaireachtaí eile an AE – go háirithe leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach.

Feidhmeanna sláinte phoiblí

Lean an ECDC air ag daingniú a chuid feidhmeanna sláinte phoiblí (faireachas, comhairle eolaíochta, ullmhacht agus freagairt, cumarsáid sláinte) trína bhonneagar agus a chuid modhanna oibriúcháin a neartú. Chomh maith leis sin, rinne an ECDC idirphlé leis an gCoimisiún agus thacaigh sé le forbairt acmhainne na mBallstát. Tá sé seo i gcomhréir leis an 'gClár Straitéiseach Ibhliantúil 2007–2013' ^{*} [*Strategic Multi-Annual Programme 2007-2013*] a shonraíonn gur chóir go mbeadh an fhorbairt ar fheidhmeanna sláinte phoiblí mar phríomhthosaíocht againn don tréimhse 2007–2009. Leis na feidhmeanna sláinte poiblí uile i bhfeidhm, d'fhéadfadh an ECDC aghaidh a thabhairt ansin ar chomhrac níos córasaí, níos comhordaithe agus níos éifeachtaí in aghaidh galar teagmhálach ar fud an Aontais Eorpaigh. Ag deireadh 2009, tá na feidhmeanna sláinte poiblí uile curtha i gcrích go hiomlán agus iad ag gnáthfheidhmiú.

I réimse an fhaireachais, rinne an ECDC breis forbartha ar a chuid córas trí bhéim a leagan ar ghníomhaíochtaí tuairiscithe agus bailithe sonraí, le díriú láidir ar dhearbhu cáilíochta (inchomparáideacht agus cáilíocht na sonraí). In 2009 críochnaíodh an measúnú ar na Líonraí Faireachais Tiomnaithe uile, a thosaigh sa bhliain 2006. I dteannta na n-ocht líonra a bhí aistriú cheana féin, aistríodh dhá líonra breise i 2009. Ullmhaíodh an tríú haistriú agus cuirfear i gcrích é ag tús na bliana 2010. D'fhoilsigh an ECDC a thuarascáil fhaireachais eiseamláireach freisin, an Tuarascáil Eipidémeolaíoch Bhliantúil, chomh maith le roinnt tuarascálacha faireachais faoi ghalair ar leith.

Sholáthair an ECDC níos mó ná 50 tuairimí eolaíochta i réimse na ngalar teagmhálach ar iarratas óna chuid geallsealbhoirí (an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit ach go háirithe). Bhain cáipéisí treoracha eolaíochta leis an bpaindéim den chuid is mó. D'éagraigh an ECDC roinnt cruinnithe eolaíochta, lena n-áirítear an Chomhdháil Eolaíoch Eorpach ar Eipidémeolaíocht Fheidhmeach um Ghalair Thógálacha bliantúil. Rinneadh breis forbartha ar roinnt mórthionscadal eolaíochta, go háirithe tionscadal tábhachtach ar athrú aeráide agus a thionchar ar thraschur na ngalar tógálach san Eoraip. Ba thosaíocht i gcónaí í comhoibriú leis na Ballstáit ar fheidhmeanna lárnacha na saotharlanna micribhitheolaíochta tagartha.

Seachas an phaindéim fhliú, rinne an ECDC monatóireacht ar 191 bagairt agus d'ullmhaigh sé 25 measúnú ar bhagairtí. Díriodh go sonrath ar mhonatóireacht a dhéanamh ar bhagairtí ag mórimeachtaí bailiúcháin. Ba thosaíocht i gcónaí í ullmhacht a neartú trí chleachtaí ionsamhlúcháin agus trí chúnamh a thabhairt do Bhallstáit an AE i ndáil le bagairt a bhrath agus cumas freagartha. Leanadh le hoiliúint, agus d'fhorbair an ECDC straitéis maidir le feidhm ionaid oiliúna a chruthú.

Sheol an tAonad Cumarsáide Sláinte tairseach gréasáin nua an ECDC, chomh maith le hinlín. Foilsíodh 43 cháipéis eolaíochta. Glacadh le haitheantas amhairc nua agus le straitéis chumarsáide. Táirgeadh roinnt táirgí closamhairc, preasagallamh, craoltaí idirlín agus seastán faisnéise chun teachtaireachtaí an ECDC a chur in iúl. D'oibrigh an ECDC leis na Ballstáit freisin chun comhar a fhorbairt idir thíortha i leith gníomhaíochtaí cumarsáide sláinte, agus bunaíodh Ionad Feasachta agus Taighde ar Chumarsáid Sláinte i nDeireadh Fómhair 2009.

Obair a bhaineann le galair

Lean an ECDC air ag cruthú uirlisí don obair eolaíochta, bunachair sonraí agus líonraí, agus forbraíodh modheolaíochtaí don obair sainiúil don ghalair a bhain leis na seacht ngrúpaí galair faoi shainordú an ECDC. In 2009, cuireadh dhá mhóráthru i bhfeidhm.

Ar an gcéad dul síos, comhtháthaíodh na Cláir Sainiúil don Ghalair isteach sna hAonaid Faireachais agus Chomhairle Eolaíochta. Ceapadh comhordaitheoirí an chláir mar cheannairí rannóige, ag tabhairt ról bainistíochta aitheanta foirmiúil agus rialú buiséid breisithe dóibh.

Ar an dara dul síos, i Samhain 2009, d'fhaomh an Bord Bainistíochta straitéisí fadtéarmacha sainiúla de gach ceann de na Cláir Sainiúil don Ghalair (don tréimhse 2010–2013). Soiléiríonn na straitéisí seo céard leis atáthar ag súil ón ECDC i réimse gach ceann de na grúpaí galair. Go dtí seo, níor chuir Clár Oibre Straitéiseach Ibhliantúil an ECDC ach cuspóirí ginearálta agus coiteanna atá bailí thar na cláir ghalair uile san áireamh. Fad is atá gníomhaíochtaí a bhaineann le galair shonracha ag éirí níos infheicthe agus níos tábhachtaí, agus de bharr gur príomhfhócas an Ionaid iad anois, bhí gá le straitéis ar leith do gach galar.

Maidir leis an bhfliú, tiomnaíodh formhór na hoibre do mhonatóireacht a dhéanamh ar an bpaindéim, agus rinneadh athbhreithniú ar an gClár Oibre i rith an tsamhraidh chun na dúshláin a bhí os comhair an ECDC ina fhreagairt don phaindéim a léiriú níos fearr.

* http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/Key%20Documents/07-13_KD_Strategic_multiannual_programme.pdf

I ndáil le heitinn, lean an ECDC le forfheidhmiú an 'Creat-Phlean Gníomhaíochta In Aghaidh na hEitinne san AE' [*Framework Action Plan to Fight Tuberculosis in the EU*] trí huirlisí monatóireachta a fhorbairt. Leathnaíodh gníomhaíochtaí faireachais go heitinn frithsheasmhach in aghaidh ildrugaí agus eitinn a bhaineann le VEID.

Bhí obair VEID/SEIF tiomnaithe d'fhaireachas a dhéanamh ar VEID/SEIF agus ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha araon (ghlac an ECDC freagracht as faireachas na hEorpa ar ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha in 2009) agus feabhsú na feasachta agus na gcleachtas trí thionscadail éagsúla dírithe ar iompraíochtaí, daonraí imircigh, polasaithe tástála don VEID/SEIF chomh maith le tionscadail bainteach le hionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha eile. Bhain ceann de na príomhréimsí oibre le fir a mbíonn gníomhaíochtaí gnéasacha acu le fir (MSM), toisc gurb ionann é seo i gcónaí agus ceann de na príomhbhealaí ina dtarchuirtear VEID san Eoraip. Chuir an ECDC tús freisin le hobair ullmhúcháin le haghaidh faireachais ar heipitéas san Eoraip.

Dhírigh an Clár um Ghair Bia- agus Uisce-Iompartha ar ghníomhaíochtaí faireachais, comhordú na bhfiosrúchán práinneach le linn bristeacha amach, obair chomhoibritheach leis an EDS agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Bhia, agus ar mholtaí maidir leis an ngalar Creutzfeldt–Jakob a chosc.

I réimse na ngalar veicteoir-iompartha, bagairt atá ag teacht chun cinn san Eoraip, b'ionann roinnt torthaí tábhachtacha agus measúnuithe riosca, cúnaimh agus forbairt acmhainne do shaotharlanna tagartha san Eoraip, comhoibriú nó tús a chur le líonraí le haghaidh leighis taistil agus feithideolaithe, gníomhaíochtaí oiliúna, agus feisteán uirlisí cumarsáide ar ghair scartán-iompartha a eisiúint.

Bhain mórchuid d'obair an ECDC ar ghair inchoiscthe trí vacsaíní le gníomhaíochtaí bainteach le paidéim, obair threorach eolaíochta agus forbairt acmhainne trí ghníomhaíochtaí oiliúna, go háirithe ar éifeachtach agus sábháilteacht vacsaíní.

Dhírigh gníomhaíochtaí an ECDC i réimse na frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh san Eoraip agus ar an ngá atá le hantashubstaintí nua a fhorbairt. D'oibrigh an ECDC leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach le haghaidh mórán de na gníomhaíochtaí seo. Rinne an ECDC comhordú ar an dara Lá Eorpach um Fheasacht ar Antaibheathaigh i mí na Samhna. Comhtháthaíodh líonraí faireachais le haghaidh ionfhabhtuithe a bhain leis an gcúram sláinte agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh i gníomhaíochtaí faireachais an ECDC.

Comhpháirtíochtaí

Neartaíodh comhpháirtíochtaí leis na Ballstáit, institiúidí an AE, tíortha comharsanachta agus an EDS tuilleadh bhreis trí phrionsabail, struchtúir agus cleachtais chomhoibrithe a athchóiriú chun éifeachta. I rith na bliana 2009, dhírigh an ECDC ar chomhar idir na Ballstáit agus an ECDC a fheabhsú. Eagraíodh cruinniú le príomhinstitiúidí náisiúnta a bhí bainteach le cosc, faireachas agus rialú na ngalar teagmhálach san Eoraip in Uppsala, an tSualainn, i mí Dheireadh Fómhair 2009, ag bailiú 270 rannpháirtí. D'oibrigh an ECDC go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach, le Parlaimint nuathofa na hEorpa, agus le hUachtaránachtaí na Seice agus na Sualainne ar réimse ábhar éagsúil. D'oibrigh an ECDC go dlúth leis an EDS ag gach leibhéal, go háirithe le hOifig Réigiúnach na hEorpa de chuid an EDS. Rinneadh forbairt agus leathnú sa bhreis ar chomhar le tíortha iarrthóra an AE chuig tíortha iarrthóra féideartha.

Freagairt ECDC don phaindéim H1N1

Léirigh paindéim an fhliú A(H1N1) ceann de na héigeandálaí sláinte is tromchúisí ó bhunú an ECDC. Sa bhreis air sin shonraigh sé an chéad uair inar chuir an ECDC feidhm lena Theagmhas Sláinte Phoiblí (PHE) leibhéal 2, an leibhéal is airde dá bhfuil ann. Láimhseáladh an ghéarchéim seo de réir plean oibríochta um Theagmhas Sláinte Poiblí an ECDC, le rannpháirtíocht iomlán na bhfoirne ullmhachta agus freagartha i ndáil leis an bhfliú. Ach bhí Aonaid ECDC eile páirteach chomh maith céanna, agus d'oibrigh an fhoireann iomlán ar feadh uaireanta fada chun tacú le gníomhaíochtaí comhordaithe agus freagartha an ECDC.

Tiomantas iomlán

Bhí Aonaid uile an Ionaid bainteach go mór le monatóireacht na paindéime, agus ar an bhfreagra a tugadh uirthi: an tAonad Ullmhachta agus Freagartha, a dhéanann feidhmiú ar an Ionad Oibríochtaí Éigeandála (EOC) agus ar Chóras na Faisnéise Epidéime; an tAonad Faireachais, a chuir gníomhaíochtaí faireachais dírithe ar an bpaindéim ar bun; an tAonad um Chomhairle Eolaíochta, a sholáthair tuairimí eolaíochta tráthúla nuair ba bheag ar bhí ar eolas faoin víreas nó faoi bhearta coiscitheacha éifeachtacha; agus an tAonad Cumarsáide Sláinte, a raibh air freagairt d'aird mhéadaithe ó na meáin, do na céadta iarratais, agus tacú le gníomhaíochtaí cumarsáide géarchéime sna Ballstáit. Sholáthair an tAonad Riaracháin tacaíocht i ndáil le TF, lóistíocht agus breis tacaíochta foirne. Bhí clár sainiúil don ghalair an ECDC páirteach freisin, go háirithe Clár an Fhliú, a raibh air a chuid gníomhaíochtaí a atheagrú go hiomlán chun díriú ar an bpaindéim, agus an Clár um Ghalair Inchoiscthe Trí Vacsaíniú, a bhí bainteach leis na hábhair vacsaíniú uile. Ar an iomlán, bhí níos mó ná 50% de lucht saothair an ECDC páirteach ar bhealach éigin i mbainistiú na géarchéime idir Aibreán agus Nollaig 2009.

In ainneoin na ndúshlán a chruthaigh an ghéarchéim shláinte phoiblí, d'éirigh leis an ECDC fós forfheidhmiú a chlár oibre a chinntiú le haghaidh formhór na ngníomhaíochtaí beartaithe.

Ullmhaithe le haghaidh éigeandálaí

Níor rug an phaindéim ar an ECDC neamhullmhaithe. I gcaitheamh na mblianta, tá na nithe seo a leanas bunaithe ag ECDC:

- plean cineálach tástáilte um Theagmhas Sláinte Poiblí (PHE) don ECDC;
- Ionad Oibríochtaí Éigeandála (EOC), atá i bhfeidhm ó Iúil 2006;
- sraith uirlisí faisnéise tiomanta chun bagairtí sláinte domhanda féideartha a d'fhéadfadh cur isteach ar an Eoraip a bhrath, a mheasúnú, a rianú agus a thuairisciú, agus feidhmiú siad uile ar bhonn 24/7; gnáthaimh fhaisnéise epidéime le haghaidh aimsithe luaithe bagartha/riosca;
- modheolaíochtaí eolaíochta le haghaidh measúnuithe bagartha agus riosca;
- comhpháirtíochtaí oibriúcháin le heagraíochtaí ar fud an domhain chun dul chun cinn faisnéise agus eolaíochta a roinnt;
- cuairteanna féinmheasúnaithe maidir le hullmhacht phaindéimeach ar Bhallstáit an AE/an LEE agus ar thíortha iarrthóra uile an AE (2005–2008);
- rannpháirtíocht i sé cheardlann ullmhachta Eorpach;
- comhshraith choiteann de táscairí ullmhachta paindéimeacha a réadtiomnaítear le hOifig Réigiúnach na hEorpa de chuid an EDS agus le Coiste Slándála Sláinte an AE;
- cleachtaí ionsamhlúcháin rialta a dhéantar chun cumas freagartha i gcás bagairtí sláinte a thástáil agus a fheabhsú san ECDC, sa Choimisiún Eorpach, agus sna Ballstáit;
- córas faireachais comhtháite an AE le haghaidh breoiteachta cosúil leis an bhfliú agus géar-ionfhabhtuithe riospráide, bunaithe ar víreolaíocht agus cúram príomhúil: Lónra na hEorpa um Fhaireachas ar an bhfliú (EISN);
- bealaí faisnéise trí shraith leathanach gréasáin, cáipéisí foilsithe, feisteáin uirlisí, 'Flu News' (foilseachán seachtainiúil ar an bhfliú paindéimeach, séasúrach agus éanúil), agus feasachán seachtainiúil an EISN (anois: WISO – Forbhréathnú Seachtainiúil um Fhaireachas ar an bhfliú [*Weekly Influenza Surveillance Overview*]);
- sraith de cháipéisí teoracha ar ábhair mar atá frith-víreasaigh, vacsaíní, foshuímh phleanála agus bearta sláinte pearsanta agus poiblí a cuireadh in oiriúint go héasca don phaindéim;
- tionscadail ar éifeachtacht vacsaín an fhliú (I-MOVE) agus ar shábháilteacht vacsaíne (VAESCO); agus rannpháirtíocht iomlán i Lónra Cumarsáidithe an Choiste Slándála Sláinte.

Freagairt láithreach don ghéarchéim

Ag tús 2009, scaip eipidéimí fliú séasúra lúidre (víris A(H3N2)) den chuid is mó) trasna na hEorpa – agus bhí siad i measc na gceann is marfaí a bhí ann le blianta beaga anuas. Rinne Lónra na hEorpa um Fhaireachas ar an bhFliú (EISN) de chuid an ECDC monatóireacht ghéar ar an gcás. Nuair a aithníodh déine na víreas séasúraigh, d'éisigh an ECDC rabhadh, ag spreagadh saoránaigh an AE chun imdhíonadh a fháil. Ba í an Spáinn a thug tuairisc ar an gcéad chás d'ionfhabhtú daonna le 'fliú na muc' (éagsúil ó A(H1N1)), agus rinneadh measúnú riosca láithreach bonn dá bharr chomh maith le glao le haghaidh faireachais mhéadaithe don chineál víris seo i ndaoine agus in ainmhithe.

Trí lá i ndiaidh teacht chun cinn víris an fhlíú phaindéimigh A(H1N1) a thuairisciú don Chóras Réamhrabhadh agus Freagartha (EWRS) ar 21 Aibreán 2009, d'ardaigh an Stiúrthóir leibhéal PHE de chuid Ionad Oibríochtaí Éigeandála an ECDC go 1. Fógraíodh PHE leibhéal 2, an leibhéal is airde, ar 4 Bealtaine.

De réir plean um Theagmhas Sláinte Poiblí an ECDC, bhí roinnt coigeartuithe eagrúcháin le déanamh: cheap an Stiúrthóir bainisteoir géarchéime, bhuaill Foireann Straitéiseach PHE comhdhéanta d'fheidhmeannaigh ECDC le chéile go laethúil (dhá uair in aghaidh na seachtaine níos déanaí) chun ábhair straitéiseacha a phlé, agus bhuaill Foireann Bainistíochta PHE treoirithe ag Clár an Fhlíú le chéile go laethúil chun ábhair teicniúla agus eolaíochta a phlé chomh maith leis an mbainistíocht phraiticiúil ar an ngéarchéim.

Tá faisnéis eipidéimeach feabhsaithe rithábachtach i gcás dá leithéid, go háirithe i rith céimeanna luatha na heipidéime nuair atá a lán nach bhfuil ar eolas faoi nádúr an ghalair. Le linn céimeanna luatha na paindéime, bhí formhór na faisnéise ag teacht ó Mheiriceá Thuaidh, agus lean tuairiscí ón leathsféar theas í. I rith an earraigh agus an tsamhraidh, sular thosaigh an phaindéim ag scaipeadh, b'íad an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe na chéad tíortha Eorpacha a chuir faisnéis ar fáil faoin bhfliú paindéimeach A(H1N1) don ECDC.

Ó dheireadh Aibreáin go deireadh na bliana, sholáthair an ECDC nuashonruithe laethúla ar an bhfliú, ag déanamh achoimre ar an bhfaisnéis uile a bhí ar fáil maidir leis an bpaindéim. Ar iarratas ón mBord Bainistíochta, cruthaíodh achoimriú seachtainiúil, an Nuashonrú Feidhmiúcháin, chun comhaltaí Boird agus lucht déanta beartais lánacha a chur ar an eolas faoi obair an Ionaid ar an bpaindéim. Chomh maith leis sin, tháirg an ECDC sraith craoltaí idirlín sruthaithe ar an bhfliú paindéimeach A(H1N1).

Ar 4 Bealtaine, nuair a fógraíodh PHE leibhéal 2, d'aistrigh Ionad Oibríochtaí Éigeandála (EOC) an ECDC go hoibríochtaí 24/7, le foireann iomlán de 50 ag obair i dt trí sheal, ag déanamh monatóireachta ar an staid eipidéimeolaíochta i Meiriceá Thuaidh agus Theas. Ar 10 Bealtaine, níor leanadh le sealanna oíche agus laghdaíodh leibhéal na práinne go 1. Coimeádadh Leibhéal 1 go dtí 19 Eanáir 2010.

I mBealtaine 2009, chuir an ECDC saineolaí chuig CDC na Stát Aontaithe in Atlanta chun feidhmiú mar theagmhálaí idir ionaid oibríochtaí éigeandála na hEorpa agus na Stát Aontaithe. Ina theannta sin, mar fhreagairt ar an bpaindéim a bhí ag teacht chun cinn, chuir CDC na Síne oifigeach teagmhála chuig an ECDC a d'oibrigh san Ionad Oibríochtaí Éigeandála ar feadh ceithre seachtaine.

In Iúil, rinne foireann a bhí faoi stiúir iarchomhalta de chuid an Bhoird Bhainistíochta, an Dr. Donato, athbhreithniú neamhspleách ar fhreagairt tosaigh an ECDC ar an bpaindéim. Bhain an tuarascáil de tháit as gur léirigh an ECDC a dhea-chumas chun freagairt ar PHE leibhéal 1 agus 2, [a] léirigh freisin na scileanna, an cumas agus inspreagadh iontacha ó fhoireann an ECDC. Mhol an tuarascáil chomh maith forbairt a dhéanamh ar phlean leanúnachais gnó iomlán chun solúbthacht a sholáthair ionas go bhféadfaí déileáil leis an strus fadtéarmach a bhaineann le hacmhainní teoranta, agus glacadh le nósanna imeachta in acmhainní daonna chun freastal níos fearr ar riachtanais na foirne le linn géarchéime fadréisigh. D'ullmhaigh an ECDC plean gníomhaíochta chun moltaí na tuarascála a chur i bhfeidhm.

Comhairle eolaíoch tiomnaithe

D'éisigh an ECDC torthaí eolaíochta iomadúla, lena n-áirítear measúnuithe riosca paindéimeacha nuashonraithe, comhairle ar bhearta, foshuíomhanna pleanála, treoir vacsaínithe, dul chun cinn eolaíochta agus forbheathnuithe ar fhorbairt sláinte phoiblí. D'fhonn ullmhú le haghaidh céim dosheachanta an fhómhair agus an gheimhridh, neartaigh an ECDC faireachas, obair vacsaíne, agus aschur i leith comhairle eolaíochta: rinne measúnú riosca paindéimeach comhdhlúthú ar an bhfaisnéis infhaighte uile maidir leis an bpaindéim i gcáipéis amháin agus ina dhiaidh sin rinneadh roinnt atriála i rith na bliana.

Faireachas feabhsaithe

In Iúil 2009, rinne cruinniú urghnách den ghrúpa oibre ar Staidéar agus Faireachas i bPaindéim plé ar na híoschaighdeáin le haghaidh córais tuairiscithe inbhuanaithe a mbeadh tíortha sásta tacú leis. Uaidh seo cruthaíodh an Forbheathnú Seachtainiúil um Fhaireachas ar an bhFliú, a foilsíodh ar dtús ar 15 Meán Fómhair, i bhfad roimh chéimeanna paindéimeacha an fhómhair agus an gheimhridh. Leathnaíodh na sonraí faireachais don fhlíú (cúram

príomhúil agus sonraí víreolaíochta) go suntasach chun foinsí faisnéise eile a raibh gá leo chun monatóireacht a dhéanamh ar ghnéithe níos troime na paidéime a chur san áireamh (mar atá mortlaíocht, tréimhsí san ospidéal, faireachas víreolaíochta, measúnuithe cáilíochtúla ag Ballstáit) agus chun faireachas a chur ar bun do ghéarbhreiteacht throm riospráide. Comhaontaíodh chomh maith go ndéanfaí comhchuíbhíú ar ghníomhaíochtaí faireachais le hOifig Réigiúnach na hEorpa de chuid an EDS chun iontrálacha sonraí dúbailte ag Ballstáit a sheachaint.

Cumarsáid neartaithe

Le linn na paidéime A(H1N1), bhí baint mhór ag an ECDC le cumarsáid ráige agus éigeandála laethúil, ag soláthar seirbhísí preasa agus meán réadghníomhacha agus frithghníomhacha araon. Ina measc sin bhí preasráitis, preasagallaimh agus craoltaí idirlín. Thiomnaigh an ECDC cuid dá shuíomh gréasáin do phaindéim an fhliú leis na dosaenacha cáipéisí éagsúla bainteach leis an bpaindéim ag clúdach gnéithe teicniúla uile an ghalair. I measc cáipéisí eile ar líne bhí treoir d'údarais sláinte phoiblí, faisnéis don phobal i gcoitinne, measúnuithe riosca, foilseacháin le comhairle eolaíochta, agus ábhair oideachais. Rinneadh nuashonrú arís agus arís eile ar mhórán de na cáipéisí seo faoi mar a lean an cás ar aghaidh.

Ar an iomlán, d'fhoilsigh an ECDC níos mó ná 200 cáipéis ar an bpaindéim. Ina theannta sin, cheadaigh an iris ar líne arna óstail ag ECDC, *Eurosurveillance*, d'eolaithe sláinte poiblí príomh-thorthaí maidir leis an bpaindéim a fhoilsiú agus a roinnt go gasta. In 2009, d'fhoilsigh an iris 92 alt san iomlán ar phaindéim an fhliú A(H1N1), níos mó ná aon iris eile a bhfuil athbreithniú piaraí déanta orthu. Bhain formhór na bhfoilseachán ar an bpaindéim le 'mear-chumarsáid', ach i nDeireadh Fómhair d'fhoilsigh *Eurosurveillance* eisiúint speisialta ar staid na paidéime sa leathsféar theas.

Obair shainiúil ar shaincheisteanna vacsaínithe

Le linn an tsamhraidh, sholáthair an ECDC tacaíocht don Choimisiún Eorpach, a thionóil cruinnithe den Choiste Slándála Sláinte (HSC) go minic, ar ábhair cosúil le bearta sláinte poiblí agus spriocghrúpaí riosca vacsaínithe. Chuaigh an ECDC agus an Ghníomhaireacht Leighasa Eorpach (GLE) i gcomhar le Tascfhórsa an AE a bhí ag obair ar shaincheisteanna bainteach le vacsaíní, agus foilsíodh plean AE mar thoradh air. Ar an ócáid seo, rinne an ECDC dréachtú nó nuashonrú ar roinnt cáipéisí agus chuir sé dlús leis na tionscadail I-MOVE (ag déanamh monatóireachta ar éifeachtacht vacsaíne) agus VAESCO (sábháilteacht vacsaíne), ionas go bhféadfaidís torthaí a chur ar fáil faoi dheireadh na bliana.

Le linn an fhómhair, threigh obair i ndáil le vacsaín le teileachomhdhála seachtainiúla leis an GLE, an EDS agus an Coimisiún Eorpach. Thug an ECDC mionteagasc do na Coistí GLE freisin agus tháinig sonraí agus anailísí, lena n-áirítear measúnú idir riosca agus tairbhe ar vacsaíníú paidéimeach. In éineacht leis an EDS, tháinig an ECDC cnámha scéil pleanála ar fhliú paidéimeach agus idir-phaindéimeach (séasúrach) do 2010 agus ina dhiaidh.

Comhpháirtíochtaí feabhsaithe agus tacaíocht do thríú tíortha

Fuair an ECDC flúirse faisnéise luachmhaire óna chomhpháirtithe i mBallstáit an AE, go háirithe i réimse an bhailiúcháin sonraí. Tá an ECDC i bhfiacha go háirithe i leith na hoibre déanta ag speisialtóirí na mBallstát agus ag na Ballstáit as a n-eispéiris náisiúnta a roinnt i rith na gcruinnithe éagsúla le saineolaithe ECDC.

Leanadh ar aghaidh ag comhoibriú leis an gCoimisiún Eorpach, an EDS agus gníomhaireachtaí eile an AE, go háirithe an GLE. Rinneadh iarrachtaí chun forlúití a sheachaint. Rinneadh barrfheabhsú ar chomhar, ag cur láidreachtaí ar leith de chuid gach comhpháirtí san áireamh.

Thacaigh an ECDC le hUachtaránacht na Sualainne le linn dhá Chruinnithe Comhairle (thug Stiúrthóir an ECDC mionteagasc d'airí), comhchruinniú Coimisiún Uachtaránacht-ECDC i Jönköping, an tSualainn, go luath i mí Iúil, cruinniú na bPríomh-Dhochtúirí Oifigiúla (brúnna ar aonaid dianchúraim; cinneadh nach ngearraí bearta srianta sa bhfómhar agus sa gheimhreadh). Ina theannta sin, thacaigh an ECDC le cruinnithe minice an Ghrúpa um Chairde na hUachtaránachta agus na Attachéanna Sláinte sa Bhruiséal.

Ag deireadh an fhómhair 2009, threoraigh an ECDC (nó chuir sé leis) trí mhisean éigeandála chun na Bulgáire, chun na Tuirc agus (mar chuid d'fhoireann EDS) chun na hÚcráine. Sa bhreis air sin, d'eagraigh an ECDC, in éineacht le hOifig Réigiúnach na hEorpa de chuid an EDS, ceardlann le roinnt tíortha ó oirdheisceart na hEorpa, ionas go bhféadfaí foghlaim óna dtaithí ar shaincheisteanna cumarsáide agus dianchúraim le linn na paidéime.